Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10763 — NORDEA / TOPDANMARK LIV HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 379/09)

1. An 26 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nordea Bank Abp ("Nordea", an Fhionlainn),

— Topdanmark Liv Holding A/S ("Topdanmark Liv Holding", an Danmhairg), ar leis an ngrúpa Topdanmark A/S (an Danmhairg) é, agus atá faoi rialú Sampo plc (an Fhionlainn).

Gheobhaidh Nordea rialú aonair ar Topdanmark Liv Holding ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc Fionlannach é Nordea a thairgeann réimse seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear baincéireacht mhiondíola, baincéireacht chorparáideach, baincéireacht infheistíochta, seirbhísí margaí caipitil, bainistíocht sócmhainní agus árachas go príomha sna tíortha Nordacha,

— Is é Topdanmark Liv Holding cuideachta sealbhaíochta Topdanmark Livsforsikring A/S, atá gníomhach sa tionscal árachais saoil agus pinsin sa Danmhairg.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10763 — NORDEA / TOPDANMARK LIV HOLDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË